

## DEARBHÚ UILECHOITEANN AR CHARTLANNA

Is taifead ar chinntí, ar ghníomhartha agus ar chuimhní iad cartlanna. Tá oidhreacht **uathúil nach féidir a comhshamhail a sholáthar** i gceist le cartlanna, a théann ó **ghlúin** go glúin. Déantar bainistiú ar chartlanna ón am a chruthaítear iad lena luach agus lena mbrí a **chaomhnú**. Is foinsí údarásacha faisnéise iad a chuireann taca faoi ghníomhartha **freagracha** agus **trédhearcacha** riaracháin. Tá ról **riachtanach** acu i bhforbairt sochaithe, mar go **gcosnaíonn** siad **cuimhne** aonair agus pobail, agus mar go **gcuireann siad leis** an gcuimhne sin. Mar gheall ar rochtain oscailte ar chartlanna, saibhrítear an **t-eolas** atá againn ar an tsochaí dhaonna, cuirtear an **daonlathas** chun cinn, cosnaítear **cearta** saoránach agus ardaítear **cáilíocht** na beatha.

### Chuige sin, aithnímid

- **an mianach uathúil** atá ag cartlanna mar fhianaise údarach ar ghníomhaíochtaí riaracháin, cultúrtha agus intleachtúla agus mar léargas ar fhorás sochaithe;
- chomh **riachtanach** agus **ríthábhachtach** is atá cartlanna chun tacú le héifeachtúlacht, le freagracht agus le trédhearcacht gnó, chun cearta saoránach a chosaint, chun cuimhne aonair agus cuimhne chomhchoiteann a bhunú, chun tuiscint a fháil ar an am atá thart, agus chun an t-am i láthair a dhoiciméadú mar threoir do ghníomhartha sa todhchaí;
- **éagsúlacht** na gcartlann agus taifead á choinneáil ar gach réimse den ghníomhaíocht dhaonna;
- **an iomadúlacht formáidí** ina gcruthaítear cartlanna lena n-áirítear cartlanna ar páipéar, cartlanna leictreonacha, cartlanna closamhairc agus cineálacha eile cartlann;
- **an ról atá ag cartlannaithe** mar ghairmithe oilte a bhfuil oideachas tosaigh agus leantach orthu, a chuireann seirbhís ar fáil don tsochaí ina bhfuil siad trí thacú le taifid a dhéanamh, agus trí na taifid sin a roghnú, a chothabháil agus a chur ar fáil le gur féidir iad a úsáid;
- **an fhreagracht chomhchoiteann** atá ar gach duine – saoránaigh, riarthóirí poiblí agus cinneadóirí, úinéirí nó coinneálaithe chartlanna poiblí nó príobháideacha, agus cartlannaithe agus speisialtóirí faisnéise – i mbainistiú cartlann.

### Dá bhrí sin geallaimid go n-oibreimid le chéile

- chun go nglacfar le beartais agus dlíthe iomchuí náisiúnta i dtaca le cartlanna, agus chun go gcuirfead i bhfeidhm iad;
- chun go bhfeicfead an fiúntas a bhaineann le bainistiú cartlann agus chun go ndéanfaidh gach comhlacht, idir phríobháideach agus phoiblí, a chruthaíonn agus a úsáideann cartlanna agus a ngnó á dhéanamh acu, bainistiú inniúil ar a gcuid cartlann;
- chun go gcuirfead acmhainní leordhóthanacha ar fáil le tacú le bainistiú ceart a dhéanamh ar chartlanna, lena n-áirítear gairmithe oilte a fhostú;
- chun go ndéanfar cartlanna a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealaí a chinnteoidh go bhfuil siad údarach, iontaofa, slán agus inúsáidte;
- chun go mbeidh fáil ag gach duine ar chartlanna, agus urraim á tabhairt ar na dlíthe ábhartha agus ar chearta daoine aonair, cruthaitheoirí, úinéirí agus úsáideoirí;
- chun go n-úsáidfear cartlanna ar bhealach a chuirfidh le cur chun cinn na saoránachta freagraí.

*Glactha ag Comhthionól Ginearálta na Comhairle Idirnáisiúnta ar Chartlanna Osló, Meán Fómhair 2010.*

*Formhuinithé ag an séú seisiún is tríocha de Chomhdháil Ghinearálta EOCNA Páras, Samhain 2011.*

## UNIVERSAL DECLARATION ON ARCHIVES

**Archives** record decisions, actions and memories. Archives are a **unique** and **irreplaceable** heritage passed from one **generation** to another. Archives are managed from creation to **preserve** their value and meaning. They are **authoritative** sources of information underpinning **accountable** and **transparent** administrative actions. They play an **essential** role in the development of societies by **safeguarding** and **contributing** to individual and community **memory**. Open access to archives enriches our **knowledge** of human society, promotes **democracy**, protects citizens' **rights** and enhances the **quality** of life.

### To this effect, we recognize

- **the unique quality** of archives as authentic evidence of administrative, cultural and intellectual activities and as a reflection of the evolution of societies;
- **the vital necessity** of archives for supporting business efficiency, accountability and transparency, for protecting citizens rights, for establishing individual and collective memory, for understanding the past, and for documenting the present to guide future actions;
- **the diversity** of archives in recording every area of human activity;
- **the multiplicity of formats** in which archives are created including paper, electronic, audio visual and other types;
- **the role of archivists** as trained professionals with initial and continuing education, serving their societies by supporting the creation of records and by selecting, maintaining and making these records available for use;
- **the collective responsibility** of all – citizens, public administrators and decision-makers, owners or holders of public or private archives, and archivists and other information specialists – in the management of archives.

### We therefore undertake to work together in order that

- appropriate national archival policies and laws are adopted and enforced;
- the management of archives is valued and carried out competently by all bodies, private or public, which create and use archives in the course of conducting their business;
- adequate resources are allocated to support the proper management of archives, including the employment of trained professionals;
- archives are managed and preserved in ways that ensure their authenticity, reliability, integrity and usability;
- archives are made accessible to everyone, while respecting the pertinent laws and the rights of individuals, creators, owners and users;
- archives are used to contribute to the promotion of responsible citizenship.

*Adopted at the General Assembly of the International Council on Archives  
Oslo, September 2010.*

*Endorsed by 36th Session of the General Conference of UNESCO  
Paris, November 2011. •*